Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2026/943

21.5.2026

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 9/2026**

**an 6 Feabhra 2026**

**lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE [2026/943]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (‘Comhaontú LEE’), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1455 ón gCoimisiún an 23 Iúil 2025 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 44/2014 a mhéid a bhaineann le ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta tástála a leagan síos maidir le feithiclí de chatagóir L a chosaint ar chibirionsaithe ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 46b (Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 44/2014 ón gCoimisiún) de Chaibidil I d’Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE:

‘— **32025 R 1455**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1455 ón gCoimisiún an 23 Iúil 2025 (IO L, 2025/1455, 29.10.2025).’

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1455 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 7 Feabhra 2026, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile dá bhforáiltear faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*).

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Feabhra 2026.

*Thar ceann Chomhchoiste an LEE*

*An tUachtarán*

Nicolas VON LINGEN

---

([1]) IO L, 2025/1455, 29.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/1455/oj.

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.